



Foras na Gaeilge

SCÉIM NA nIMEACHTAÍ ÓIGE

**Critéir na Scéime agus
Treoirlínte le haghaidh an fhoirm iarratais
a chomhlánú**

Spríodhata le haghaidh iarratas: 12.00pm, Dé hAoine an 20 Aibreán 2018

Treoirlínte d'Iarratasóirí

Scéim na nImeachtaí Óige 2018/19

Cuireann na treoirlínte seo eolas ar fáil faoi Scéim na nImeachtaí Óige.

Cuideoidh siad leat:

- cinneadh a dhéanamh an bhfuil d'eagraíocht cáilithe le cur isteach ar mhaoiniú faoin scéim seo,
- clár Imeachtaí a fhorbairt a luíonn leis na treoirlínte agus a chomhlíonann critéir na scéime seo,
- iarratas a ullmhú ina bhfuil an t-eolas go léir atá de dhíth.

Léigh go cúramach iad, le do thoil, sula dtabharfaidh tú faoin iarratas a chomhlánú. Tá roinnt leasuithe déanta sa scéim i mbliana.

1. Mar gheall ar Fhoras na Gaeilge

Is comhlacht forfheidhmithe Thuaidh/Theas é Foras na Gaeilge agus baineann a ról le húsáid na Gaeilge a éascú agus a spreagadh sa saol poiblí agus sa saol príobháideach i bPoblacht na hÉireann, agus i dTuaisceart Éireann mar a mbíonn éileamh cuí ann.

Reáchtálann Foras na Gaeilge scéimeanna éagsúla deontais. Bíonn spriocanna, cuspóirí agus critéir éagsúla ag na scéimeanna seo. Tá tosaíochtaí maoinithe chomh maith le spriocanna agus targaidí socraithe ag Bord Fhoras na Gaeilge. Is féidir tuilleadh faoi seo a léamh in Aguisín 1.

2. Mar gheall ar an Scéim seo

Tá maoiniú á chur ar fáil ag Foras na Gaeilge do shraith d'Imeachtaí Óige (ar a laghad 12 sheisiún i ngach sraith) oiriúnacha trí Ghaeilge don aos óg (3-18 mbliana d'aois) taobh amuigh den Ghaeltacht:

- a bhfuil sé mar aidhm acu an Ghaeilge a threisiú trí mheascán d'imeachtaí;
- nach imeachtaí cónaithe iad;
- a bheidh á reáchtáil idir an 1 Meán Fómhair 2018 agus an 30 Meitheamh 2019;
- nach féilte, comórtais, nó imeachtaí aon lae amháin iad

Is le hairgead poiblí a bhronntar deontais, agus tá dualgais reachtúla ar Fhoras na Gaeilge chun luach ar airgead gach tionscadail mhaoinithe a dheimhniú.

Molann Foras na Gaeilge d'arratasóirí cómhaoiniú a lorg le haghaidh tionscadal, nuair is cuí, agus comhoibriú le heagraíochtaí eile leis an luach is fearr a fháil ó dheontas Fhoras na Gaeilge.

Cuirimid fáilte faoi leith roimh iarratais ó eagraíochtaí atá lonnaithe i gceantair aitheanta i straitéisí agus/nó i reachtaíocht Rialtais.

3. An féidir linne cur isteach air?

Le bheith incháilithe le cur isteach ar an scéim seo caithfidh d'eagraíocht a bheith in ann na critéir cháilitheacha seo a leanas a chomhlíonadh;

1. Ní ceanneagraíocht de chuid Fhoras na Gaeilge sibh.
2. Níl na himeachtaí á maoiniú cheana ag eagraíocht eile stáit ach amháin sa chás go bhfuil comhthuiscint maoinithe aontaithe roimh ré.
3. Beidh na himeachtaí ag feidhmiú lasmuigh den Ghaeltacht oifigiúil.
4. Tá an scéim seo teoranta d'arratais ar mhaoiniú faoi bhun €5,000/£3,500 do shraith imeachtaí trí mhéan na Gaeilge lasmuigh d'am scoile.
5. Ní mór sraith imeachtaí feiliúnacha a chuirfidh le deiseanna úsáide na Gaeilge do dhaoine óga a bheith á reáchtáil idir an 1 Meán Fomhair 2018 agus an 30 Meitheamh 2019.
6. Faoin scéim seo, ní ghlacfar le hiarratais d'imeachtaí cónaithe, do chomórtais, d'imeachtaí aon lae amháin ná d'imeachtaí nach dtugann deis cur le húsáid na Gaeilge.
7. Tá an t-arratasóir sásta comhoibriú le Foras na Gaeilge maidir le monatóireacht agus le riaradh na himeachta
8. Is í an Ghaeilge teanga na n-imeachtaí
9. Deimhníonn an eagraíocht, chun sástacht Fhoras na Gaeilge, go bhfuil ardchumas Gaeilge ag gach ball foirne agus teagascóir seachtrach a bheidh ag plé leis na daoine óga sna himeachtaí.
10. Deimhníonn an eagraíocht, chun sástacht Fhoras na Gaeilge, go ndéanfar cinnte roimh ré (trí agallamh más gá) go bhfuil go leor Gaeilge ag gach duine óg chun páirt a ghlacadh sna himeachtaí.
11. Beidh gach duine óg a bheidh ag freastal ar na himeachtaí idir 3 bliana agus 18 mbliana d'aois ar an 30 Lúnasa 2018.
12. Is féidir a dheimhniú, chun sástacht Fhoras na Gaeilge, gur féidir Imeachtaí Óige fiúntacha

proifisiúnta a eagrú, go bhfuil dóthain áiseanna feiliúnacha (amuigh agus istigh) ar fáil do na himeachtaí agus go réachtálfar imeachtaí uile ar ardchaighdeán.

13. Is féidir a léiriú, chun sástacht Foras na Gaeilge, go bhfuil cumas agus struchtúr ceart bainistíochta ag an eagraíocht leis na himeachtaí a réachtáil.
14. Tá cuntas bainc ann, in ainm na heagraíochta, atá faoi stiúir coiste nó boird. Tabhair faoi deara gurb é seo an t-ainm a scríobhfar ar seic má éiríonn le d'iarratas.
15. Is féidir a dheimhniú, chun sástacht Foras na Gaeilge, go bhfuil árachas dliteanais phoiblí ag an eagraíocht chun éilimh suas le €1,500,000/£1,000,000 a sheasamh i leith na n-ionad ina réachtálfar na himeachtaí. Beidh alt sa pholasaí árachais sin ina ndearbhófar go ndéanfaidh an t-iarratasóir, lucht a eagraithe, a ghníomhairí agus a sheirbhísigh, Foras na Gaeilge, a sheirbhísigh agus a ghníomhairí a shlánú agus a choimeád slán in aghaidh gach uile ghnímh, gach uile chostais, éilimh agus damáiste a éireoidh as aon úsáid a bhainfear as na hionaid sin nó as aon imeachtaí teagmhasacha a bhainfidh leis na himeachtaí a eagróidh an t-iarratasóir, lucht a eagraithe, a ghníomhairí agus a sheirbhísigh.
16. Is féidir a dheimhniú chun sástacht Foras na Gaeilge go bhfuil polasaí cumhdach leanaí ag an eagraíocht agus i bhfeidhm agus go bhfuil promhadh déanta ar gach ball foirne. Tá treoir agus leagan samplach ar fáil ach iad a iarraidh ó Foras na Gaeilge.
17. Tá an eagraíocht sásta Foras na Gaeilge a bheith luaite in aon phoiblíocht a dhéanfar faoi na himeachtaí, lógó Foras na Gaeilge a bheith le feiceáil ar aon fhoilseachán a bhaineann leis na himeachtaí agus comhartha a bheith in airde le linn na n-imeachtaí a thugann aitheantas d'Fhoras na Gaeilge as an maoiniú atá ceadaithe.
18. Tá an eagraíocht in ann gach rud ar sheicliosta na foirme iarratais a chur ar fáil.

Féadfaidh Foras na Gaeilge cur leis na critéir cháilitheacha seo.

Má tá aon cheist agus faoi ghné ar bith de na critéir cháilitheacha, déan teagmháil le Foras na Gaeilge roimh an spriocdháta, 12.00 p.m., Dé hAoine, an 20 Aibreán 2018.

Cad é nach bhfuil in-mhaoinithe?

- ríomhairí/earraí leictreonacha
- bia & deoch
- éadaí (húdaithe etc.)

- costais riaracháin
- costais taistil nó cothabhála na foirne
- turais cónaithe
- gnáthchostais reatha eagraíochtúla (billí leictreachais/fóin etc.)
- duaiseanna (boinn/trofaithe)
- aon chostas eile atá míreasúnta dár le Foras na Gaeilge

4. Cad é mar a mheasfar na hiarratais?

Úsáideann Foras na Gaeilge critéir measúnaithe le hiarratais a mheasúnú. Tá critéir measúnaithe Scéim na nImeachtaí Óige leagtha amach thíos. Measfaimid agus scórálfaimid iarratais de réir na gcritéar seo.

1. An gá atá le maoiniú do na himeachtaí agus an luach airgid atá le fáil ag Foras na Gaeilge.
2. An réimse deiseanna chun úsáid na Gaeilge a mhéadú trí chlár imeachtaí éagsúla.
3. Caighdeán na n-acmhainní agus na n-áiseanna a bheidh ar fáil do na himeachtaí.
4. Cumas bainistíochta na heagraíochta na himeachtaí a eagrú, bunaithe ar fhianaise ar scileanna agus taithí.
5. Luach ar airgead i dtaca le táillí na n-imeachtaí agus caiteachas iomlán i gcomparáid leis na seirbhísí a chuirfear ar fáil.
6. Fianaise go bhfuil cómhaoiniú iarrtha nó comhoibriú ar siúl le heagraíochtaí eile ag an iarratasóir leis an luach is fearr a fháil ó dheontas Fhoras na Gaeilge.

5. Cad é mar a chuirfimid isteach air?

Sula dtugann tú faoin bhfoirm iarratais a chomhlánú léigh treoirlínte na scéime ina n-iomláine agus déan cinnte go gcomhlíonann d'eagraíocht critéir cháilitheacha na scéime faoi mhír 3 thuas.

Is ar fhoirm iarratais na scéime **amháin** a ghlacfar le hiarratais. Féach Aguisín 2 le haghaidh treoir ar gach ceist.

Agus tú ag comhlánú an iarratais caithfidh:

- an fhoirm a chomhlánú ina hiomláine go LEICTREONACH;;

- gach ceist a fhreagairt. Más gá scríobh 'N/Bh' ('Ní bhaineann le hábhar');
- an seicliosta a chomhlánú agus gach rud ón seicliosta a chur faoi iamh leis an iarratas;
- ainm agus seoladh na heagraíochta a chur ar gach leathanach breise nach cuid den fhoirm iarratais é.

Ní mór an fhoirm seo a chomhlánú go LEICTREONACH agus cóip chrua shínithe amháin mar aon leis an gcáipéisíocht ar fad ón seicliosta, a chur chuig ceann amháin den dá sheoladh seo a leanas:

Scéim na nImeachtaí Óige
An Rannóg Oideachais
Foras na Gaeilge
63-66 Sráid Amiens
Baile Átha Cliath 1
D01 H275

Scéim na nImeachtaí Óige
An Rannóg Oideachais
Foras na Gaeilge
Teach an Gheata Thiar
2 – 4 Sráid na Banríona
Béal Feirste BT1 6ED

Is é **12.00in, Aoine 20 Aibreán, 2018** an spriocdháta le haghaidh iarratais a bheith faighte ag Foras na Gaeilge.

Faoin eagraíocht féin atá sé a dhéanamh cinnte go bhfuil an t-iarratas ag Foras na Gaeilge in am. **Ní ghlacfar le haon iarratas i ndiaidh an spriocdháta. Ní ghlacfar le haon iarratas ar fhacs ná ar ríomhphost.**

Tabhair faoi deara, seachas admháil a chur, nach mbeidh Foras na Gaeilge ag dul i mbun aon chomhfhreagrais le heagraíochtaí i ndiaidh an spriocdháta go dtí go mbeidh an measúnú déanta. Ní hionann an admháil seo agus aitheantas ar d'iarratas a bheith iomlán, bailí ná in am don spriocdháta. Mar sin de, cuirimid i gcuimhne do ghrúpaí gach ceist ar an bhfoirm seo a fhreagairt agus gach ní ar an seicliosta a sholáthar roimh an spriocdháta.

Má tá aon cheist agat faoi ghné ar bith den fhoirm iarratais ná den seicliosta, déan teagmháil le Foras na Gaeilge roimh an spriocdháta, 12,00 p.m. Aoine an 20 Aibreán 2018.

Dícháileofar aon iarratas a ndéantar stocaireacht faoi le haon chomhalta boird nó le haon fhostaí de chuid Fhoras na Gaeilge.

Dícháileofar aon iarratas ina dtugtar eolas míchruinn.

6. Cad é a tharlóidh dár n-iarratas?

Seolfar admháil chuig an eagraíocht ar ríomhphost ag deimhniú go bhfuil an t-iarratas faighte. Ní hionann an admháil seo agus aitheantas ar d'iarratas a bheith iomlán, bailí, ná in am don spriocdháta.

Má chuireann tú níos mó ná aon iarratas amháin isteach is gá duit na hiarratais sin a chur in ord tosaíochta. Maoineoidimid iarratais in ord tosaíochta tar éis chéim an mheasúnaithe, go dtí go mbeidh buiséad na scéime caite.

Is é bord Fhoras na Gaeilge atá freagrach as gach cinneadh faoi gach tionscadal atá le maoiniú. Is iad foireann bhainistíochta agus feidhmeannaigh Fhoras na Gaeilge a chuirfidh gach cinneadh maoinithe i gcrích.

Cuirfear an cinneadh maoinithe in iúl d'eagraíochtaí i litir sa phost in am cuí.

Is mian le Foras na Gaeilge a chur in iúl d'eagraíochtaí go bhféadfadh sé tarlú go ndéanfar an t-eolas a thugtar in aon fhoirm iarratais a chur ar fáil faoi réir dhualgas Fhoras na Gaeilge faoin dlí lena n-áirítear Cód Cleachtais um Shaoráil Faisnéise do na Comhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh/Theas a tháinig i bhfeidhm ar an 20 Meitheamh, 2005.

Is féidir go ndéanfaidh Foras na Gaeilge teagmháil le ranna rialtais agus le maoinitheoirí eile, thuaidh agus theas, le hiarratais a phlé.

7. Má éiríonn lenár n-iarratas?

Má éiríonn le d'iarratas cuirfimid litir thairisceana chugat ina mbeidh gach eolas ábhartha maidir le híocaíocht agus monatóireacht dheontas na scéime.

Conradh dlíthiúil a bheidh sa litir seo agus ní mór cloí le coinníollacha an chonartha sin. Is féidir go ndéanfar aon sciar den deontas nó an deontas ar fad a chealú nó a aisghairm má sháraítear aon cheann de choinníollacha an chonartha.

Ní mór cuntas bainc a bheith ann in ainm na heagraíochta, agus é a bheith faoi stiúir coiste nó boird. Is cóir gach íocaíocht ó dheontas Foras na Gaeilge don scéim a íoc as an gcuntas seo le go mbeidh cuntas scríofa ar fáil ar gach íocaíocht (e.g. seic, dochar díreach, BACS etc.). **Ní chuirfidh Foras na Gaeilge maoiniú ar fáil d'íocaíochtaí a dhéantar le hairgead tirim.**

Ní dhéanfaidh Foras na Gaeilge aon mhaoiniú ar chaiteachas nach bhfuil ceadaithe roimh ré. Ní íocfar aon deontas go siarghabhálach.

8. Cad é mar is féidir liom aiseolas a thabhairt, gearán a dhéanamh nó achomharc a lorg?

Cuireann Foras na Gaeilge fáilte roimh aon mholtaí nó aiseolas a bheadh agat faoin scéim seo.

Má tá ábhar gearáin agat faoin scéim seo is féidir sin a chur in iúl d'Fhoras na Gaeilge chomh maith.

Tá córas achomhairc i bhfeidhm ag Foras na Gaeilge. Mura bhfuil tú sásta leis an gcinneadh a rinneadh maidir le d'iarratas, is féidir iarratas ar athbhreithniú a dhéanamh i scríbhinn taobh istigh de 14 lá ó dháta na litreach faoin gcinneadh. Ní mór gach iarratas ar athbhreithniú a bhunú ar na cúiseanna seo amháin:

- I. Go ndearna Foras na Gaeilge míléamh ar an eolas a tugadh i rith an mheasúnaithe.
- II. Gur imigh Foras na Gaeilge, ar dhóigh shubstaintiúil, ón bpróiseas measúnaithe féin.

Sonraí teagmhála Foras na Gaeilge:

Scéim na nImeachtaí Óige
An Rannóg Oideachais
Foras na Gaeilge
63-66 Sráid Amiens
Baile Átha Cliath 1
D01 H275

Scéim na nImeachtaí Óige
An Rannóg Oideachais
Foras na Gaeilge
Teach an Gheata Thiar
2 – 4 Sráid na Banríona
Béal Feirste BT1 6ED

oideachas@forasnagaeilge.ie

Aguisín 1

Cúspóirí Straitéiseacha agus Tosaíochtaí Maoinithe Fhoras na Gaeilge

Tá critéir agus cuspóirí Scéim na nImeachtaí Óige ag teacht le cúspóirí straitéiseacha agus tosaíochtaí maoinithe Fhoras na Gaeilge:

- **Stádas / dearcadh dearfach** i leith na Gaeilge a chothú agus a chur chun cinn.
- **Cumas** Gaeilge an duine aonair / an phobail a chothú agus a bhuanú.
- **Úsáid na Gaeilge** a chur chun cinn, a chothú agus a neartú.
- **Pobal labhartha Gaeilge** a chothú, a neartú agus a bhuanú.
- **An t-aistriú teanga ó ghlúin go glúin trí mheán an teaghlaigh** a éascú, a chothú agus a neartú.

Chuirge sin, dírionn Foras na Gaeilge, go príomha, ar na réimsí seo a leanas:

- **Oideachas**
- **Scoilphobail**
- **Imeachtaí pobail**
- **Obair óige**
- **Pleanáil teanga ar leibhéal logánta**

Aguisín 2

Treoir maidir leis an bhfoirm iarratais a chomhlánú

Critéir cháilitheacha – Sula dtabharfaidh tú faoin bhfoirm iarratais a chomhlánú léigh na treoirlínte

agus deimhnigh go gcomhlíonann d'eagraíocht critéir cháilitheacha na scéime atá faoi mhír 3 de na treoirlínte.

Seicliosta

Dícháileofar aon iarratas mura bhfuil **gach rud** ar an seicliosta curtha leis, nó mura dtagtar ar réiteach eile chun shástacht Fhoras na Gaeilge.

Má cheapann tú nach mbaineann gné ar leith den seicliosta leat, molaimid duit teagmháil a dhéanamh le hoifigigh Fhoras na Gaeilge sula gcuirfidh tú an t-iarratas isteach.

Tabhair faoi deara gur gá **gach rud** a chur ar fáil, **fiú má cuireadh chuig Foras na Gaeilge roimhe é.**

Ceisteanna

1. **Ainm na heagraíochta** – ainm na heagraíochta atá ag cur isteach ar dheontas. Tabhair faoi deara gurb é seo an t-ainm a bheidh scríofa ar sheiceanna ó Fhoras na Gaeilge. Is gá cuntas bainc a bheith ann in ainm na heagraíochta. *Féach critéar cáilitheach 14 faoi mhír 3.*
2. **Ainm teagmhála** – ainm an duine a bheas ag plé leis an iarratas. Cuirfimid aon chomhfhreagras chuig an duine seo. Má tá duine ag imeacht ó eagraíocht molaimid daoibh sonraí teagmhála nua a chur in iúl d'Fhoras na Gaeilge láithreach.
3. **Seoladh agus cód poist/Éirchód an teagmhálaí** – seoladh iomlán don teagmhálaí. Cuirfimid aon chomhfhreagras chuig an seoladh seo.
4. **Fón & fón póca** – uimhir theagmhála le gur féidir teagmháil a dhéanamh leis an teagmhálaí más gá.
5. **Ríomhphost** – seoladh ríomhphoist le gur féidir eolas a scaipeadh ar eagraíochtaí rathúla.
6. **Seoladh agus uimhir theagmhála an ionaid do na himeachtaí** – Cuir in iúl seoladh agus uimhir an ionaid ina mbeidh na himeachtaí ar siúl.
7. **Toghcheantar Dála / Tionóil** – toghcheantar ina bhfuil na himeachtaí (luaite i gceist 2 san fhoirm iarratais) suite. **Toghlímistéar Áitiúil** - comhairle contae nó cathrach ina bhfuil an campa suite (luaite ag Ceist 2 san fhoirm iarratais). D'fhéadfadh go mbeadh an eagraíocht féin suite i gceantar eile. Tabhair faoi deara go n-iarrtar an t-eolas seo ar mhaithe le cúiseanna riaracháin amháin, agus nach bhfuil aon tionchar aige ar an bpróiseas measúnaithe. (Féach Aguisín 3)

8. **Uimhir Chláraithe Cánach** – Is féidir é seo a aimsiú ag barr an teastas imréitigh cánach atá agat do do ghrúpa. Mura bhfuil teastas agat cuir isteach n/bh. **Uimhir Charthanachta** – Cuir isteach uimhir chláraithe charthanachta má bhaineann sé le hábhar. Mura mbaineann, cuir isteach n/bh.
9. **Ainm na n-imeachtaí** – ainm ar leith atá á thabhairt ar an imeacht/na himeachtaí.
10. **Dátaí na n-imeachtaí** – ní mór dátaí na n-imeachtaí a thabhairt. Tabhair faoi deara go gcaithfear ar a laghad 12 sheisiún a bheith in aon sraith amháin d'imeachtaí, *féach pointe 2 sna treoirlínte*.
11. **Costas iomlán an tionscadail** – sonraigh costas iomlán an tionscadail i.e. an costas roimh ioncam ó tháillí nó ó dheontas/dheontais. Sonraigh cé acu deontas in euro nó i bpoint steirling atá i gceist.
12. **Méid an deontais atá a lorg ó Fhoras na Gaeilge** – sonraigh méid an deontais anseo (in € (Euro) nó £ (Punt Sterling)). Ní mór an tsuim seo a bheith ag teacht leis an tsuim atá luaite ar an bhfoirm iarratais faoi cheist 26.
13. **Stiúrthóirí / coisteoirí** – tabhair sonraí na stiúrthóirí nó na gcoisteoirí a bhaineann leis an eagraíocht (luaite i gceist 1 san fhoirm iarratais), i.e. ainm, ról agus an taithí nó na scileanna cuí atá acu (luaigh líon blianta) maidir le bainistiú grúpa, deontas, nó eile, nó a bheith ag feidhmiú mar stiúrthóir nó mar choisteoir ar eagras.
14. **Foireann do na himeachtaí** – tabhair sonraí na múinteoirí agus na gceannairí a bheidh ar an bhfoireann le linn na n-imeachtaí, i.e. ainm agus a ról ar an gcoiste.
15. **Cumhdach Leanaí** – Ní mór duit tic a chur leis an ráiteas seo le deimhniú go mbeidh gach ball foirne cáilithe agus go ndéanfar promhadh orthu.
16. **Access NI** – tabhair sonraí lena chur in iúl dúinn an bhfuil d'eagraíocht cláraithe le Access NI nó an bhfuil sibh cláraithe le scátheagras eile le grinnfhiosrúchán a dhéanamh.
17. **Taithí ar eagrú Imeachtaí Óige** – ní mór eolas a thabhairt a léiríonn go bhfuil taithí ag foireann na n-imeachtaí in eagrú imeachtaí do dhaoine óga. Sonraigh an líon blianta le tic a chur sa bhosca cuí.
18. **Roghanna eile a cuireadh san áireamh** – léirigh, le do thoil, cad iad na himpleachtaí a bheidh ann mura mbeidh maoiniú curtha ar fáil ó Fhoras na Gaeilge do na himeachtaí seo.
19. **Conas a chuirfidh na himeachtaí seo le deiseanna úsáide Gaeilge do dhaoine óga?** – Ní mór a léiriú conas a chuirfidh na himeachtaí le deiseanna úsáide Gaeilge do na rannpháirtithe. Ní mór tagairt a dhéanamh don dóigh a gcuirfidh na himeachtaí seo le sealbhú agus le cumas Gaeilge na ndaoine óga agus ar an dóigh a gcuirfidh sé le stádas na Gaeilge i measc na rannpháirtithe. Is féidir cur leis an mbosca nó leathanach breise a úsáid.
20. **An bhfuil imeachtaí den chineál seo ar siúl sa cheantar cheana?** – Ní mór tic a chur sa

bhosca cuí agus eolas breise faoi na himeachtaí seo a chur ar fáil más cuí. Tabhair cuntas ar an dóigh a ndéanfaidh d'eagraíocht comhoibriú leis na himeachtaí eile seo le cur le deiseanna úsáide Gaeilge i measc na ndaoine óga. **Léirigh le do thoil aon chomhoibriú atá ar siúl ag an eagraíocht le grúpaí eile maidir leis an chlár a eagrú**

21. **Áiseanna atá ar fáil do na himeachtaí** – ní mór na háiseanna ar fad atá ar fáil do na himeachtaí a liostú, e.g. 2 sheomra ranga, halla spóirt, cúirt chispheile, clós súgartha, páirc pheile, seomra bia/ceaintín, leithris agus aon trealamh ar leith atá de dhíth leis na himeachtaí a reáchtáil.
22. **Líon daoine óga lena bhfuiltear ag súil** – Líon daoine óga atá tuartha do na himeachtaí uile le linn na scoilbhliana.
23. **Táille an páiste** – tabhair sonraí maidir le táille an paiste in aghaidh an tseisiúin le do thoil.
24. **Cé air a bhfuil an clár dírithe** – Luaigh más páistí ó Ghaelscoil, gnáthscoil Béarla nó meascán den dá rud.
25. **Clár na n-imeachtaí** – ní mór clár imeachtaí a thabhairt sa tábla ar an bhfoirm iarratais. Molaimid duit clár le réimse deiseanna úsáide Gaeilge a chur ar fáil trí imeachtaí éagsúla a eagrú don spriocghrúpa sonraithe. Ní mór imeachtaí a eagrú a chuirfidh le heispéireas teanga agus a thabharfaidh éagsúlacht teanga don duine óg. Déan machnamh ar na deiseanna labhartha agus foghlama a bheidh ag na daoine óga agus iad ag glacadh páirte sna himeachtaí éagsúla. *Féach critéir measúnaithe 2 agus 3 faoi mhír 4.*

Turas/Turais

Má tá turas nó turais beartaithe le linn na n-imeachtaí tabhair sonraí, le do thoil, faoin eispéireas teanga a bheidh ag na daoine óga mar aon leis na deiseanna foghlama agus labhartha a bheidh acu. Moltar duit an oiread sonraí agus is féidir a thabhairt anseo.

26. **Caiteachas** – Ní mór miondealú a thabhairt ar na príomhfhigiúirí faoi gach mír sa tábla.

Seo a leanas tábla samplach i Steirling:

Cur síos ar an gcaiteachas	Miondealú	Costas iomlán	Méid iarrtha ó FnaG
Teagascóirí	1 teagascóir x £18 san uair x 2 uair a chloig x 12 oíche = £432 (luaigh ráta sa uair atá in úsáid)	£432	£432
Ceannairí	2 cheannaire x £8.50 san uair x 2 uair a chloig x 12 oíche = £400 (luaigh ráta sa uair atá in úsáid)	£400	£400
Cíos	Ionad Pobail - £25 an oíche x 12 oíche = £300	£300	£300
Árachas	£200 don tréimhse	£200	£0
Turas	Cead isteach chuig linn snámha – 15 dhuine óga x £4 an duine = £60: móide £70 do bhus: Cuairt ar chlub óige sa Charraig Mhór, £100 don bhus	£230	£230
Trealamh	N/bh.	0	0
Áiseanna (Ní mór áiseanna ar bith atá maoinithe ag Foras na Gaeilge fanacht i seilbh na	£75 ábhar cócaireachta £75 ar chluichí boird,	£250	£250

heagraíochta)	£100 ar ábhar ealaíne = £250 san iomlán		
Iomlán		£1,812	£1,612

Seo a leanas tábla samplach i Euro:

Cur síos ar an gcaiteachas	Miondealú	Costas Iomlán	Méid iarrtha ó FnaG
Teagascóirí	2 theagascóir x €17.50 san uair x 2 uair a chloig x 12 oíche = €840 (luaigh an ráta san uair atá in úsáid)	€840	€840
Ceannairí	1 cheannaire x €8 san uair x 2 uair a chloig x 12 oíche = €192 (luaigh an ráta san uair atá in úsáid)	€192	€192
Cíos	Ionad pobail - €50 sa tseachtain x 5 seachtaine = €250	€250	€250
Árachas	€275 do thréimhse na n-imeachtaí	€275	€0
Turas	Cead isteach chuig Ionad dreapadóireachta – 20 duine óg x €5 an duine = €100: móide €100 ar bhus: Cuairt ar chlub óige Gaeilge i mBaile Brigín, €150 - ar bhus	€350	€350

Trealamh	N/bh.	0	0
Áiseanna (Ní mór d'áiseanna ar bith atá maoinithe ag Foras na Gaeilge fanacht i seilbh na heagraíochta)	€325 ar chluichí boird, €300 ar ábhar ealaíne = €625 san iomlán	€625	€625
Iomlán		€2,532	€2,257

27. An bhfuil an eagraíocht ag fáil aon mhaoiniú eile ó Fhoras na Gaeilge ón 1 Eanáir 2018? – Ní mór eolas a thabhairt faoi dheontas ar bith atá á fháil ag an eagraíocht ó Fhoras na Gaeilge. Is gá ainm an tionscadail, uimhir thagartha agus méid an deontais a thabhairt. Léirigh, le do thoil, aon chomhoibriú atá ar siúl ag an eagraíocht le grúpaí eile maidir le heagrú na n-imeachtaí. Tabhair sonraí le do thoil faoi iarratas ar bith a cuireadh isteach chuig rannóg ar bith de chuid Fhoras na Gaeilge ón 1 Eanáir 2018. Cuir isteach stádas an mhaoinithe agus sonraí an iarratais. Ní bheidh aon tionchar aige seo ar d'iarratas, ach is eolas tábhachtach inmheánach é seo d'Fhoras na Gaeilge.

28. Foinsí eile maoinithe – má tá foirse/foinsí eile maoinithe aimsithe ag an eagraíocht don tionscadal seo ní mór ainm agus seoladh an mhaoinitheora, uimhir theagmhála an mhaoinitheora, méid an mhaoinithe iarrtha/ceadaithe/faighte a thabhairt.

29. Coimhlint Leasa – tabhair sonraí má bhíonn baint ag ball foirne nó ag ball boird Fhoras na Gaeilge leis an eagraíocht nó leis an gcoiste atá ag cur isteach ar mhaoiniú faoin scéim seo. Luaigh ainm an duine, le do thoil. Ní bheidh aon tionchar aige seo ar d'iarratas ach ní mór é seo a chur in iúl d'Fhoras na Gaeilge.

30. An áit ar chuala tú faoin scéim seo? – Tabhair sonraí, le do thoil, faoin áit ar chuala tú faoin scéim seo e.g. na meáin chumarsáide.

Dearbhú

Ní mór an dearbhú a bheith sínithe ag triúr mar atá sonraithe agus na sonraí breise a bheith curtha ar fáil. Ní ghlacfar le hiarratas ar bith gan an dearbhú a bheith sínithe.

Aguisín 3

Toghcheantair agus ceantair comhairlí áitiúla

Dáilcheantar
Ceatharlach-Cill Chainnigh
An Cabhán-Muineachán
An Clár
Corcaigh Thoir
Corcaigh Thuaidh-Lár
Corcaigh Thiar Thuaidh
Corcaigh Theas-Lár
Corcaigh Thiar Theas
Dún na nGall
Cuan Bhaile Átha Cliath Thuaidh
Cuan Bhaile Átha Cliath Theas
Baile Átha Cliath Láir
Baile Átha Cliath - Fine Gall
Baile Átha Cliath Thiar-Meán
Baile Átha Cliath Thiar Thuaidh
Baile Átha Cliath-Ráth an Dúin
Baile Átha Cliath Theas-Lár
Baile Átha Cliath Thiar Theas
Baile Átha Thiar
Dún Laoghaire
Gaillimh Thoir
Gaillimh Thiar
Ciarraí
Cill Dara Thuaidh
Cill Dara Theas
Laois
Cathair Luimnigh
Contae Luimnigh
An Longfort-An Iarmhí
Lú
Maigh Eo
An Mhí Thoir

An Mhí Thiar
Uíbh Fhailí
Ros Comáin-Gaillimh
Sligeach-Liatroim
Tiobraid Árann
Port Lairge
Loch Garman
Cill Mhantáin

Comhairle Contae (PÉ)
Comhairle Contae Cheatharlach
Comhairle Contae an Chabháin
Comhairle Contae an Chláir
Comhairle Cathrach Chorcaí
Comhairle Contae Chorcaí
Comhairle Contae Dhún na nGall
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin
Comhairle Contae Fhine Gall
Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Comhairle Contae na Gaillimhe
Comhairle Contae Chiarraí
Comhairle Contae Chill Dara
Comhairle Contae Chill Chainnigh
Comhairle Contae Laoise
Comhairle Contae Liatroma
Comhairle Cathrach agus Contae Luimní
Comhairle Contae an Longfoirt
Comhairle Contae Lú
Comhairle Contae Mhaigh Eo
Comhairle Contae na Mí
Comhairle Contae Mhuineacháin
Comhairle Contae Uíbh Fhailí
Comhairle Contae Ros Comáin
Comhairle Contae Shligigh
Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas
Comhairle Contae Thiobraid Árann
Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge
Comhairle Contae na hIarmhí

Comhairle Contae Loch Garman
Comhairle Contae Chill Mhantáin

Toghcheantar Tionóil
Béal Feirste Thoir
Béal Feirste Thuaidh
Béal Feirste Theas
Béal Feirste Thiar
Aontroim Thoir
Doire Thoir
Fear Manach agus Tír Eoghain Theas
An Feabhal
Gleann an Lagáin
Lár Uladh
An tIúr agus Ard Mhacha
Aontroim Thuaidh
An Dún Thuaidh
Aontroim Theas
An Dún Theas
Loch Cuan
An Bhanna Uachtarach
Tír Eoghain Thiar

Comhairle Áitiúil (TÉ)
Aontroim agus Baile na Mainistreach
Ard Mhacha, Droichead na Banna agus Craigavon
Béal Feirste
Cósta Chlochán an Aifir agus na Glinnte
Doire agus an Srath Bán
Fear Manach agus an Ómaigh
Lios na gCearrbhach agus an Caisleán Riabhaigh
Aontroim Láir agus Thoir
Lár Uladh
An tIúr, Múrn agus an Dún
An Dún Thuaidh agus na hArda